# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Maria Luís ALBUQUERQUE

## Seirbhísí Airgeadais

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Is eacnamaí mé de réir m’oiliúna. Riamh anall i mo shaol gairmiúil, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, d'oibrigh mé ar shaincheisteanna airgeadais ó pheirspictíochtaí éagsúla. I mo cháil mar léachtóir ollscoile, theagasc mé ‘an Mhaicreacnamaíocht’ agus ‘Matamaitic na Margaí Airgeadais.’ Chomhcheangail mé m’eolas teoiriciúil de mo thaithí phearsanta ar bheartais san Aireacht Airgeadais, agus mé ag obair in Ard-Stiúrthóireacht an Státchiste, agus mar Chomhairleoir do Státrúnaí an Státchiste agus Gnóthaí Airgeadais. Tamall ina dhiaidh sin, bhí mé freagrach freisin as bainistíocht airgeadais ar fhiontar faoi úinéireacht stáit i réimse an bhonneagair iarnróid, REFER. Chuir mo thaithí mar Cheann ar Eisiúintí agus Margaí ag an ngníomhaireacht náisiúnta um bainistíocht fiachais phoiblí go mór le mo chuid feasachta faoi na naisc dhoimhne idir buiséid phoiblí, meon an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais. I measc na gcúraimí a bhí orm sa ról, bhí ionadaíocht a dhéanamh don oifige um bainistiú fiach i gcoistí an Aontais, mar atá an Fochoiste um Margaí Fiachais Cheannasaigh agus an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Chomhordaithe, sainghrúpa ar cuireadh de chúram air ionstraimí maoinithe an Aontais a phlé chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh. Bhí an taithí sin ríthábhachtach i leith cabhrú liom poist dhúshlánacha Leas-Aire an Státchiste agus an Aire Stáit Airgeadais a láimhseáil – tráth a bhí an Phortaingéil ag tabhairt aghaidh ar ghéarchéim ghéar eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Ar feadh 4 bliana go leith, ghlac mé páirt i gcruinnithe uile ECOFIN agus an Ghrúpa Euro agus d’oibrigh mé i ndlúthchomhar le cuid mhór institiúidí de chuid an Aontais, an Coimisiún Eorpach san áireamh. Rinneadh mo chuid scileanna polaitiúla a dhoimhniú a thuilleadh a bhuí leis na blianta a chaith mé mar chomhalta den pharlaimint náisiúnta. Mar chomhalta parlaiminte, bhí mé i mo chomhalta den Choiste um Ghnóthaí Eorpacha – áit ar oibrigh mé chun dlúthnaisc leanúnacha a áirithiú idir an Phortaingéil agus comhlachtaí an Aontais.

Comhcheanglaím an taithí dhomhain sin ar an earnáil phoiblí de thuiscint chríochnúil ar an gcaoi a n-oibríonn na margaí airgeadais agus ar thionchair rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta ar an talamh, tuiscint ar chuir mé léi é trí bhíthin mo chuid oibre le *Arrow Global, plc*, soláthraí seirbhísí bainistíochta creidmheasa agus *Morgan Stanley*, banc domhanda. Bhí sé de phribhléid agam freisin a bheith i mo chomhalta den Fhóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil, fóram a bhunaigh an Coimisiún in 2019. Rannchuidigh ár dtuarascáil le tionscnaimh an Choimisiúin chun Aontas na Margaí Caipitil a chur chun cinn, agus moltaí inti atá an-ábhartha i gcónaí i leith Tosaíochtaí Polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen a bhaint amach.

Le 15 bliana anuas, bhí baint agam leis an bpríomhchaibidlíocht agus leis na príomhchinntí arb é is aidhm dóibh na huirlisí cearta a chur ar fáil dúinn chun géarchéimeanna nua airgeadais agus géarchéimeanna an limistéir euro a chosc – bunú an Aontais Baincéireachta san áireamh. Is mó mo thiomantas don tionscadal Eorpach ós rud é go bhfaca mé na géarchéimeanna sin agus na hiarmhairtí lenar bhain, agus an tionchar diúltach a d’imir siad ar shaol agus ar ionchais na saoránach ar fud an Aontais agus ar an muinín atá acu as institiúidí an Aontais. Go deimhin, creidim go daingean nach féidir teacht ar na réitigh ar ghéarchéimeanna den sórt sin ach amháin trí oibriú le chéile

ar mhaithe leis an leas coiteann. Dá bhrí sin, creidim go láidir gur cheart Aontas a thógáil, bunaithe ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus gur cheart dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí sin uile ina mbaintear torthaí níos fearr amach trí ghníomhú le chéile ná aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar an leibhéal náisiúnta. Is é sin an fáth a bhfuil mé an-dáiríre faoin bhfreagracht a bhaineann le bheith sa Choimisiún – má dheimhnítear m'ainmniúchán. Is freagracht ollmhór é sin toisc go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh tuiscint ag gach Ballstát, saoránach agus gnóthas ar fud an Aontais ar an acmhainneacht airgeadais agus go nglacfaidh siad uile páirt ghníomhach i neartú na hacmhainneachta airgeadais d'fhonn éagothromaíochtaí a laghdú agus an rathúnas a mhéadú, agus ár gcuspóir a bhaint amach maidir le hiomaíochas a fheabhsú.

Má cheaptar i mo Choimisinéir mé, úsáidfidh mé na scileanna agus na hinniúlachtaí sin go léir chun Aontas Eorpach Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt ina mbeidh margaí baincéireachta agus caipitil, cobhsaíocht airgeadais agus iomaíochas, arb é is aidhm dó deiseanna níos fearr a chruthú do shaoránaigh chun feabhas a chur ar a stádas airgeadais, chun leas a bhaint as infheistíocht phríobháideach, agus chun an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú sóisialta a bhaint amach. Díreoidh mé freisin ar rialacha seirbhísí airgeadais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, go háirithe chun an choireacht airgeadais a chomhrac agus smachtbhannaí an Aontais a threisiú, agus féachfaidh mé lenár rialacha a shimpliú nuair is féidir chun saol na saoránach agus na ngnólachtaí a éascú agus chun réimsí uile mo litreach misin a shaothrú.

Tuigim go maith go bhfuil na mná fós faoi ghannionadaíocht ar gach leibhéal. Tuigim freisin gur minic nach mbíonn na scileanna riachtanacha ag saoránaigh, ag daoine óga ná ag mná go háirithe, chun a gcuid airgid phearsanta a bhainistiú ná chun dul i ngleic le héiceachóras airgeadais a bhíonn ag éirí níos casta agus ag athrú go tapa. Is díol sásaimh dom an tacaíocht láidir a thugann Parlaimint na hEorpa don phríomhshruthú inscne agus d'iarrachtaí ar a chinntiú go gcuirfear cás na hóige san áireamh i ngach réimse beartais. Áiritheoidh mé freisin go mbeidh m'fhoireann cothrom ó thaobh inscne de. Mar chuid de mo shainchúraimí – má cheaptar mé – agus i gcomhréir le mo litir mhisin, ba mhaith liom díriú go háirithe ar litearthacht airgeadais mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar an dá dhúshlán sin. Tugaim gealltanas go reáchtálfaidh mé idirphlé bliantúil le daoine óga, agus déanfar an chéad cheann a eagrú laistigh de na chéad 100 lá san phost. Cloífidh mé le meon agus le fuarlitir an Chóid Iompair do Choimisinéirí, agus déanfaidh mé mo Dhearbhú Leasanna, atá ar fáil go poiblí, a thabhairt cothrom le dáta más gá aon athrú a chur air. Seachnóidh mé aon staid nó aon chás a d'fhéadfadh amhras a spreagadh i dtaobh mo neamhspleáchais, mo neamhchlaontachta, nó m'infhaighteachta don Choimisiún, agus cuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas faoi aon chás a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis le linn dom a bheith ag comhlíonadh mo chuid dualgas oifigiúil. Creidim go fírinneach ní hamháin gur riachtanas iad cuntasacht agus trédhearcacht, ach gur dianriachtanais mhorálta iad chomh maith lena seasfaidh mé go fonnmhar.

Urramóidh mé Conarthaí an Aontais ina n-iomláine agus an oibleagáid gníomhú i gcónaí ar mhaithe le leas an Aontais. Is mór an onóir dom an deis a bheith agam arís a bheith ag fónamh do leas an phobail. Bainfidh mé úsáid as an taithí agus as an saineolas ar fad atá faighte agam i mo róil éagsúla chun bheith ag fónamh do leas an Aontais – agus do leas an Aontais amháin.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis agus doiciméid a sholáthar go tráthúil don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Dá gceapfaí mé, ba mhór an phribhléid agus an onóir dom a bheith i mo chomhalta de Choláiste na gCoimisinéirí. Mar Chomhalta den Choláiste, tacóidh mé lenár gclár oibre comhbheartais, agus glacfaidh mé freagracht pholaitiúil as na gníomhaíochtaí atá ina gcuid de mo shainchúraimí, gan dochar do phrionsabal choláisteacht an Choimisiúin. Má cheaptar mé, comhlíonfaidh mé mo chuid freagrachtaí i gcomhar iomlán le comhaltaí eile an Choimisiúin, i gcomhréir leis na modhanna oibre, agus i gcomhréir leis na cinntí idirinstitiúideacha maidir le clársceidealú ilbhliantúil.

Gabhaim orm féin déileáil leis an bParlaimint ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas agus den idirphlé polaitiúil araon, agus caidreamh a choinneáil ar bun a bheidh bunaithe ar oscailteacht, trédhearcacht, iontaoibh fhrithpháirteach, tuairisciú rialta agus malartú faisnéise, go háirithe chun cur ar chumas na Parlaiminte an

fhormhaoirseacht dhaonlathach a dhéanamh go héifeachtach. Má cheaptar mé, éistfidh mé go grinn le hábhair imní Pharlaimint na hEorpa agus oibreoidh mé le Coláiste na gCoimisinéirí chun freagra a thabhairt ar a hiarrataí. Go sonrach, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (Coiste ECON) ós é an coiste é is mó atá freagrach i mo réimse oibre. Cuirfidh mé comhaltaí an choiste sin ar an eolas go tráthrialta agus oibreoidh mé le coistí ábhartha eile de réir chinneadh na Parlaiminte faoi choistí freagracha, agus glacfaidh mé páirt i seisiúin iomlánacha ábhartha.

Ar an gcaoi chéanna, comhoibreoidh mo *cabinet* agus AS FISMA, an tseirbhís a bheidh faoi mo chúram má cheapfar mé, le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste ECON ar bhonn phrionsabail na hiontaoibhe, na trédhearcachta, an tsreafa faisnéise dhá threo, agus an chúnaimh fhrithpháirtigh, agus tuiscint acu ar an gceanglas maidir le cuntasacht iomlán do Pharlaimint na hEorpa.

Is maith is eol dom, san idirphlé beartais agus i dtionscnaimh reachtacha araon, gur le comhar éifeachtach dílis amháin is féidir torthaí a bhaint amach. Oibreoidh mé chun comhdhearcadh a chothú i gcomhréir le Creat-Chomhaontú 2010 agus Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Táim lántiomanta don rún atá ag Uachtarán an Choimisiúin an caidreamh speisialta idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a neartú, agus táim réidh le páirt phearsanta a ghlacadh i gcaibidlíocht thríthaobhach thábhachtach agus le freastal gníomhach tráthrialta ar chruinnithe coiste a éascú, sreabhadh rialta díreach faisnéise le cathaoirleach an choiste pharlaimintigh a éascú, infhaighteacht le haghaidh cruinnithe déthaobhacha agus cumarsáid dhíreach le comhaltaí coiste a éascú, faisnéis phras shoiléir a sholáthar agus obair leantach a dhéanamh i leith na dtuairimí a chuirfear in iúl.

Ina theannta sin, táim tiomanta do chur chun feidhme iomlán na gConarthaí, an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, agus an Chreat-Chomhaontaithe. Is comhreachtóirí iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoi Chonarthaí an Aontais i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh, agus urramóidh mé prionsabal go dtabharfar an chóir chomhionann don dá institiúid. Tacaím leis an ngealltanas a thug an tUachtarán von der Leyen ceart tionscnaimh Pharlaimint na hEorpa a neartú agus leis an ngealltanas ón gCoimisiún bearta leantacha a dhéanamh maidir le rúin pharlaiminteacha.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta</u>

**Aontas na Margaí Caipitil (CMU)**

*3. Cén fhís atá agat maidir le CMU/Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt? Cad iad na bearta nithiúla a dhéanfaidh tú agus cad é an amlíne a ghlacfaidh tú chun é a fhorbairt? Cá mhéad a chuirfear san áireamh sna bearta sin na moltaí sonracha a rinneadh i dtuarascálacha Letta, Noyer agus Draghi?*

I dtaca leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta ina gcuimsítear Aontas na Margaí Caipitil chomh maith leis an Aontas Baincéireachta, tugadh an-aird air le déanaí, mar is ceart, agus tá sé ar cheann de ghealltanais tosaíochta an Uachtaráin. Is cúis áthais dom a fheiceáil go n-aithnítear go forleathan go bhfuil sé 'riachtanach' anois margaí caipitil an Aontais a fhorbairt agus ní rogha 'inmhianaithe' é más mian linn ár gcuspóirí polaitiúla uaillmhianacha a mhaoiniú ar bhealach inbhuanaithe, cuspóirí amhail an t-aistriú glas, an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú sóisialta. Is féidir leis an móiminteam polaitiúil atá feicthe agam taobh thiar den Aontas Coigiltis agus Infheistíochta athrú dearfach a spreagadh, ach ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin má dhéanfar gníomhaíochtaí beartais nithiúla as.

Is soiléir an fhís atá agam: ba cheart an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a bheith ina phríomhionstraim chun tacú le cuspóir níos leithne an Aontais borradh a chur faoi iomaíochas inbhuanaithe an Aontais agus an t-aistriú a éascú. Leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, comhlánófar agus cothófar príomhthionscnaimh eile de chuid an Aontais, amhail an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan. Ní féidir le húdaráis phoiblí é sin a bhaint amach leo féin - ní mór do na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear iad siúd ón tionscal agus ón tsochaí shibhialta, a bheith rannpháirteach agus úinéireacht a ghlacadh ar na hathchóirithe. Chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt, is gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le roinnt sraitheanna oibre, lena n-áiritheofar go dtairbheoidh na Ballstáit uile agus na páirtithe leasmhara uile de mhargaí airgeadais láidre comhtháite, agus de mhargaí intíre dea-fhorbartha ionas nach bhfágfar aon duine ar lár. Gan margaí caipitil dea-fheidhmiúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, ní féidir linn ár riachtanais infheistíochta a chomhlíonadh sna blianta amach romhainn.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, is mian liom Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a fhorbairt, ar Aontas é ina gcuirfear an t-iomaíochas, an rathúnas agus an chothroime chun cinn le haghaidh shaoránaigh agus

ghnólachtaí uile an Aontais. Ba cheart é a bheith mar phríomhaidhm againn coigilteas Eorpach a dhíriú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir chun infheistíochtaí táirgiúla agus straitéiseacha a mhaoiniú, rud lena n-uasmhéadófar na tairbhí do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is mian liom Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Baincéireachta a fhorbairt ar bhealach comhtháite ionas gur féidir leis an Aontas Coigilteas agus Infheistíochtaí cuidiú leis an Aontas 'pointe iompaithe' a bhaint amach, agus ina dhiaidh sin is féidir le rátaí níos airde fáis, iomaíochais agus cruthú rachmais teaghlaigh a bheith féin-treisithe. Chuige sin, beidh gá lenár n-iarrachtaí leanúnacha coiteanna agus níl aon 'chríochlíne' shocraithe ann.

Creidim go mbeidh sé ríthábhachtach na bainc a chomhtháthú san Aontas Coigiltis agus Infheistíochta toisc go bhfuil ról lárnach acu maidir le coigilteas agus infheistíochtaí san Eoraip a nascadh. Ar an gcéad dul síos, leanfaidh na bainc de chuid thábhachtach de choigilteas na saoránach a choinneáil agus cuirfidh siad cistiú fíor-riachtanach ar fáil d'fhormhór na gcuideachtaí san Eoraip. Ar an dara dul síos, tá gá le bainc Eorpacha láidre a oibríonn thar theorainneacha le haghaidh príomhsheirbhísí margaidh caipitil amhail liostú agus trádáil. Ar an tríú dul síos, bheadh margaí baincéireachta comhtháite ina rannchuidiú freisin le leithdháileadh cistiúcháin níos éifeachtúla ar fud gheilleagar an Aontais. I ndáil le torthaí uaillmhianacha ar chomhaid a bhaineann le príomhghnéithe struchtúracha an Aontais Baincéireachta, go háirithe an t-athchóiriú leanúnach ar Bhainistíocht Géarchéime agus Árachas Taiscí agus cruthú Scéime Eorpaí Árachais Taiscí, creidim go mbeidh siad ina rannchuidiú leis an earnáil baincéireachta a chomhtháthú a thuilleadh agus le cobhsaíocht airgeadais a threisiú. Braitheann an dul chun cinn, áfach, ar thiomantas agus ar thacaíocht, ar an leibhéal polaitiúil is airde san Aontas, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na Ballstáit.

Is gá na saoránaigh a chur i gcroílár an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. Is féidir le saoránaigh tairbhiú go mór den Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, agus is féidir leo a bheith ina ngníomhaithe criticiúla sa rath a bheidh air freisin. Ní mór dóibh tuilleadh tairbhí a bhaint as margaí caipitil agus baincéireachta an Aontais agus is gá tacaíocht níos fearr a thabhairt dóibh chun rachmas teaghlaigh a fhorbairt. Ba cheart do shaoránaigh a bheith in ann níos mó dá gcoigilteas 'a chur ag obair' i margaí caipitil agus cosaint iomchuí á tabhairt dóibh san am céanna, lena lamhálfar d'éagsúlú i maoiniú na hinfheistíochta ar fud an Aontais agus lena gcuirfear ar fáil an caipiteal a theastaíonn go práinneach ó ghnólachtaí an Aontais chun dul san iomaíocht, nuáil a dhéanamh, agus glacadh leis na haistrithe glasa, digiteacha agus sóisialta ar bhealach inbhuanaithe.

Ós rud é gurb as tír ar imeall an Aontais dom, is maith is eol dom go bhfuil staid agus riachtanais na saoránach agus na ngnólachtaí maidir le coigilteas agus infheistíochtaí an-difriúil i mBallstáit éagsúla. Ní mór don Aontas Coigilteas agus Infheistíochtaí oibriú ar son na mBallstát uile, gan beann ar a mhéid, ar leibhéal reatha fhorbairt an mhargaidh caipitil ná ar an staid eacnamaíoch. Ní mór dúinn díriú ar fhorbairt margaí caipitil doimhne comhtháite ar an leibhéal Eorpach, bunaithe ar mhargaí caipitil láidre dea-fhorbartha ar fud na mBallstát uile. Chuige sin, ní mór do na Ballstáit úinéireacht iomlán a ghlacadh ar an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus páirt ghníomhach a ghlacadh chun an méid a oibríonn go maith agus an méid nach n-oibríonn a shainaithint. Leis sin, beifear in ann dea-chleachtais a ghlacadh ar leibhéal an Aontais, agus tacófar le forbairt an mhargaidh áitiúil freisin. Bhí baint agam le tionscadal Aontas na Margaí Caipitil le fada an lá agus tá tuiscint mhaith agam ar an méid a oibríonn agus ar an méid nach n-oibríonn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé forbairt ar na hiarrachtaí a rinneadh roimhe seo agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus, níos tábhachtaí arís, cuirfidh mé ionchur na bpáirtithe leasmhara uile san áireamh. Dá réir sin, feicim go bhféadfadh roinnt de bhearta éascúcháin an Aontais Coigiltis agus Infheistíochtaí a bheith ina mbearta 'ó bhun aníos' agus, dá réir sin, go mbeadh siad á stiúradh agus á gcur i gcrích ag na Ballstáit, le tacaíocht agus comhordú ón gCoimisiún. Beidh bhur dtacaíocht, a Chomhaltaí Onóracha, fíorthábhachtach chuige sin.

I dtéarmaí amlínte agus céimeanna nithiúla, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé cur chuige foriomlán i láthair laistigh de na chéad mhíonna ó dhul i mbun oifige, cur chuige maidir leis an gcaoi ar féidir leis an Aontas, leis na Ballstáit agus le rannpháirtithe sa mhargadh dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh maidir leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta. Agus an méid sin á chur san áireamh agus i bhfianaise an mhóimintim pholaitiúil atá ag an Aontas Coigilteas agus Infheistíochtaí faoi láthair, creidim gur cheart gníomhaíochtaí beartais a dhíriú ar shraith theoranta beart claochlaitheach is féidir a bhaint amach laistigh de thréimhse 5 bliana. Ina theannta sin, sílim gur cheart é sin a dhéanamh gan an oiread céanna rialála ná mar a chonaiceamar le blianta beaga anuas. Ba cheart tograí chun an t-ualach rialála a shimpliú agus a laghdú, go háirithe le haghaidh FBManna, a chuimsiú sna tionscnaimh faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta freisin.

Agus tosaíochtaí an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta á leagan amach agam, ba mhaith liom forbairt a dhéanamh ar obair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus ar na tuarascálacha a rinne Enrico Letta agus Mario Draghi le déanaí, chomh maith le tuarascálacha eile a eisíodh ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe tuarascáil Noyer, agus cur chuige 'uile-Aontais' a éascú. Tharraing na hionchuir sin aird ar roinnt saincheisteanna

tábhachtacha lena n-áirítear an gá atá ann dreasachtaí a leathnú le haghaidh 'aingil' ghnó agus infheisteoirí síolchaipitil príobháideacha/poiblí, chun tarraingteacht stocmhargaí na hEorpa a mhéadú le haghaidh tairiscintí tosaigh don phobal agus le haghaidh cuideachtaí tar éis dóibh bunú go poiblí, chun ilroinnt rialála a laghdú i réimsí amhail dócmhainneacht, cáin nó bonneagar an mhargaidh airgeadais, chun infheistíocht mhiondíola a spreagadh lena n-áirítear trí tháirgí coigiltis fadtéarmacha a thairiscint, chun litearthacht airgeadais a neartú, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála maidir le hurrúsú, nó chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo maoirseacht níos cuimsithí agus níos comhtháite.

Níl aon amhras ach go bhfuil gá leis na hathchóirithe sin. Mar sin féin, sula ndéanfaidh mé cinneadh faoi cad a mholfaidh mé, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, ba mhaith liom breathnú níos géire ar na príomhfhadhbanna atá ann, agus labhairt a thuilleadh le Parlaimint na hEorpa, leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara uile chun ár dtosaíochtaí comhroinnte a shainaithint. Mar shampla, is eol dom gur eagraigh seirbhísí an Choimisiúin an chéad mhalartú tuairimí maidir le sainaithint bacainní ar chomhtháthú trádála agus iarthrádála agus ar mhéadú cistí infheistíochta a infheistíonn i ngnólachtaí nuálacha agus fáis. Ba cheart staidéar a chur i gcrích an bhliain seo chugainn, ar staidéar é inar cheart léargas breise a thabhairt ar na bacainní sin ar chomhdhlúthú. Is eol dom freisin gur sheol seirbhísí an Choimisiúin comhairliúchán poiblí i mí Dheireadh Fómhair maidir leis an gcaoi ar féidir urrúsú a athsheoladh. I réimsí eile freisin, amhail feabhsú an chórais maoirseachta ar leibhéal an Aontais, tá sé beartaithe agam, má dheimhnítear m'ainmniúchán, dul i gcomhairle go críochnúil leis na páirtithe leasmhara uile agus teagmháil a dhéanamh leo chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a úsáidtear na huirlisí atá ann cheana go héifeachtúil agus ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh gá le hathruithe struchtúracha breise. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh na cleachtaí aimsithe fíricí agus an t-idirphlé sin uile ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi mo ghníomhaíocht sna míonna amach romhainn, i ndlúthchomhar le comhaltaí eile den Choláiste agus, ar deireadh, chun ár sprioc choiteann a bhaint amach, is é sin Aontas níos iomaíche agus níos cothroime.

*4. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat bonneagar margaidh (iarthrádála) an Aontais a fhorbairt tuilleadh mar bhunchloch chun an margadh a chomhtháthú tuilleadh? An gceapann tú go n-éireoidh leis an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar EMIR gnó imréitigh na ndíorthach arna n-ainmniú in euro a thabhairt chuig lárionaid airgeadais an Aontais? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun táirge simplí agus ísealchostais coigiltis agus infheistíochta a dhearadh san Aontas chun leibhéal iomchuí cosanta a áirithiú do thomhaltóirí miondíola agus d'infheisteoirí, agus chun rannpháirtíocht i margaí caipitil a mhéadú? Cad iad na tionscnaimh a dhéanfaidh tú chun litearthacht airgeadais a fheabhsú? An gceapann tú gur cheart go ndéanfaí rialacha urrúsúcháin a leasú anois nó nuair a thabharfar Aontas na Margaí Caipitil i gcrích ina iomláine agus conas a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do chobhsaíocht airgeadais an Aontais? An bhfuil sé beartaithe agat athchóiriú reachtach a thabhairt chun cinn chun an creat maoirseachta do mhargaí caipitil a choigeartú, agus SAM á ghlacadh mar shampla?*

I dtaca le bonneagair an mhargaidh airgeadais, lena n-áirítear na bonneagair sin a sholáthraíonn seirbhísí iarthrádála, tá siad ríthábhachtach d'fheidhmiú mhargaí caipitil an Aontais. Ní mór dóibh a bheith athléimneach, éifeachtúil agus nuálach má tá ár margaí airgeadais le bheith iomaíoch ar fud an domhain i gcónaí. Ar an drochuair, tá bacainní ann a chuireann cosc ar fhíormhargadh aonair a chruthú le haghaidh seirbhísí iarthrádála san Aontas. Rinneadh roinnt dul chun cinn chun na bacainní sin a bhaint, ach tá roinnt mhaith bacainní fós ann, mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascálacha saineolaithe ardleibhéil le déanaí.

Le déanaí, d'eagraigh seirbhísí an Choimisiúin malartú tuairimí i measc páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis na bacainní atá fós ar chomhtháthú seirbhísí trádála agus iarthrádála a shainaithint. Ina theannta sin, ba cheart staidéar a chur i gcrích an bhliain seo chugainn, ar staidéar é inar cheart léargas breise a thabhairt. Tá obair fós ar siúl i réimsí eile a bhaineann le hAontas na Margaí Caipitil, lena n-áirítear dlí na gcuideachtaí agus dlí na dócmhainneachta, agus, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta go háirithe chun a áirithiú go rachaimid ar fad sa treo céanna chun cuidiú le cuideachtaí agus chun an Margadh Aonair a fhorbairt ar bhealach a chosnaíonn tomhaltóirí agus infheisteoirí miondíola go hiomchuí, agus a áirithiú go ndéanfar na rialacha ábhartha a chuíchóiriú agus go dtacófar leis an iomaíochas san am céanna. Is léir dom cheana féin gur gá dúinn tuilleadh oibre a dhéanamh chun deireadh a chur le bacainní a fheidhmíonn mar bhac ar chomhtháthú margadhthiomáinte an mhargaidh le haghaidh seirbhísí iarthrádála.

Tá ról lárnach ag contrapháirtithe lárnacha le haghaidh imréitigh (CPLanna) i dtaca le rioscaí sna margaí caipitil a bhainistiú agus i dtaca le feidhmiú rianúil na margaí caipitil a chur chun cinn. Dá réir sin, is príomhghníomhaithe iad na CPLanna chun Aontas na Margaí Caipitil a mbeidh rath air a chruthú. Leis an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach, ar a dtugtar EMIR 3, ar ina leith a tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú i mí Feabhra na bliana seo, leagtar síos an creat chun

margaí imréitigh iomaíocha tarraingteacha a chothú san Aontas, agus cobhsaíocht airgeadais á háirithiú an tráth céanna.

Maidir leis an gcomhréiteach críochnaitheach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an gcuntas gníomhach, cé nach bhfuil sé chomh huaillmhianach céanna leis an méid a mhol an Coimisiún, tá cothromaíocht ann idir idirghabháil rialála níos láidre agus cur chuige atá faoi stiúir an mhargaidh. Is é an chéad chéim é chun an spleáchas iomarcach ar CPLanna tríú tír atá sistéamach go substaintiúil a laghdú agus na rioscaí gaolmhara a mhaolú. Leis an gcuntas gníomhach, in éineacht le bearta eile chun feabhas a chur ar tharraingteacht agus ar iomaíochas mhargaí imréitigh an Aontais, ba cheart tús a chur le próiseas trína leanfaidh an t-imréiteach san Aontas de bheith ag forbairt agus trína laghdófar spleáchas iomarcach ár margaí airgeadais ar CPLanna tríú tír áirithe. Le EMIR 3, beimid in ann faireachán cúramach a dhéanamh ar a mhéid a bhainfear amach na torthaí inmhianaithe a bhuí leis an meascán de na bearta sin. Mholfainn do rannpháirtithe sa mhargadh an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil agus cuidiú le margadh imréitigh domhain leachtach a fhorbairt san Aontas, agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann dár gcobhsaíocht airgeadais a mhaolú.

Maidir le táirge coigiltis agus infheistíochta simplí ísealchostais, ba mhaith liom béim a chur ar an ngá atá ann fíormhargadh aonair a fhorbairt le haghaidh na dtáirgí sin, trí rochtain na n-infheisteoirí miondíola ar na táirgí sin a éascú agus a dhreasú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé leis na páirtithe leasmhara uile chun an bealach is fearr chun cinn a aithint, ar bealach é a chothromaíonn go leordhóthanach na leasanna uile atá i gceist. Leis an toradh sin, ba cheart a áirithiú go gcumhachtófar infheisteoirí miondíola chun cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh, go gcosnófar go leordhóthanach iad agus go bhfaighidh siad cothrom na Féinne agus iad ag infheistiú i margaí caipitil. Ach na hinfheisteoirí miondíola muinín a bheith acu as na margaí chun torthaí cuibhiúla a sholáthar dóibh agus chun a dtosaíochtaí a chomhlíonadh maidir le tacú le tionscadail inbhuanaithe, mar shampla, braithfidh siad go bhfuil na dreasachtaí ann chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh. Ina theannta sin, beidh sé ríthábhachtach feabhas a chur ar leibhéil na litearthachta airgeadais agus na litearthachta digití, rud a chuirfidh é ar a gcumas d'infheisteoirí miondíola cinntí eolasacha a dhéanamh agus calaois airgeadais agus camscéimeanna a sheachaint. I ndáil leis na topaicí sin, ba mhaith liom aird na gComhaltaí Onóracha a dhíriú freisin ar an bhfreagra a thug mé ar cheist i scríbhinn uimhir 8.

Níl aon amhras ann ach go bhfuil an t-urrúsú tábhachtach, ach tá sé fíor-riachtanach chun na fadhbanna sa mhargadh sin a thuiscint sula bpléifear conas aghaidh a thabhairt orthu. Ar an gcúis sin, sílim gur maith an rud é gur sheol seirbhísí an Choimisiúin comhairliúchán poiblí spriocdhírithe maidir leis an urrúsú. Ar bhonn thorthaí an chomhairliúcháin sin, beidh mé in ann, má dheimhnítear m'ainmniúchán, teacht ar chonclúid maidir leis an gcur chuige is fearr a mhéid a bhaineann le huainiú agus le hábhar aon togra araon. Má léiríonn an fhianaise go bhfuil gá le gníomh láithreach, beidh orainn gníomhú. Ar ndóigh, ní mór dúinn a áirithiú nach gcuirfidh aon cheann dár ngníomhaíochtaí – nó easpa gníomhaíochtaí – an chobhsaíocht airgeadais i mbaol.

Cuireann difríochtaí sa rialáil agus sa mhaoirseacht bac ar fhorbairt na margaí caipitil comhtháite, rud a mhéadaíonn na costais agus a laghdaíonn an t-iomaíochas. D'fhéadfadh roinnt mhaith de na difríochtaí sin dochar a dhéanamh d'infheisteoirí a bhféadfadh leibhéil éagsúla cosanta a bheith acu ó Bhallstát go chéile. Is féidir le córas maoirseachta feabhsaithe ar leibhéal an Aontais a bheith ina phríomhspreagthóir chun acmhainneacht iomlán ár margaí caipitil a bhaint amach, trí neamhéifeachtúlachtaí a laghdú, barainneachtaí scála a bhaint amach, agus iontaoibh a chruthú i bhfeidhmiú na margaí. Ba ríthábhachtach an rud é chun an t-ualach rialála a laghdú. Tá bealaí éagsúla ann chun maoirseacht a fheabhsú. Bealach amháin is ea an mhaoirseacht chomhpháirteach ar leibhéal an Aontais ina ndéanann maoirseoir aonair maoirseacht ar ghníomhaithe áirithe sa mhargadh (amhail an Sásra Aonair Maoirseachta sa bhaincéireacht) ar fud na mBallstát éagsúil. Bealach eile is ea a áirithiú go mbeidh maoirseoirí náisiúnta, a oibríonn taobh le taobh, ailínithe níos fearr ina gcur chuige agus ina dtorthaí, agus ar an gcaoi sin maoirseacht chóineasaithe a dhéanamh go comhpháirteach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé beartaithe agam dul i gcomhairle go críochnúil leis na páirtithe leasmhara uile agus teagmháil a dhéanamh leo maidir leis an ngá atá ann socruithe maoirseachta laistigh den Aontas a fheabhsú. Ar bhonn a n-ionchuir, dhéanfaí measúnú ar roghanna chun feabhas a chur ar an gcóras maoirseachta agus mholfaí bealach oiriúnach chun cinn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé ag brath ar thacaíocht Pharlaimint na hEorpa agus na mBallstát sa phróiseas sin.

**An tAontas Baincéireachta**

*5. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat tús áite a thabhairt do chur i gcrích an Aontais Baincéireachta? I gcomhréir leis na paraiméadair ó do litir mhisin, cad é do bhealach chun cinn go háirithe chun SEÁT a chur ar bun? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chomhdhlúthaithe baincéireachta ar leibhéal an Aontais? An bhfuil tú tiomanta do chaighdeáin Basel III a chur chun feidhme ina n-iomláine gan a thuilleadh moille?*

I dtaca leis an gcobhsaíocht airgeadais, is éard atá inti réamhchoinníoll le haghaidh an fháis inbhuanaithe agus an iomaíochais, ach ní coinníoll leordhóthanach í. I mo cháil mar Aire Airgeadais na Portaingéile, bhí ról agam i mbainistiú teipeanna roinnt banc tar éis na géarchéime airgeadais domhanda in 2008/2009. Sa ghéarchéim eacnamaíoch ina dhiaidh sin, chaill roinnt mhaith daoine a bpost, a dtithe, agus bhí roinnt mhaith gnólachtaí ag streachailt agus dhún siad síos. D'fhoghlaim mé ón taithí sin go bhfuil sé fíor-riachtanach an chobhsaíocht airgeadais a chosaint agus taisceoirí a chosaint chun leas na dteaghlach agus na ngnólachtaí a chosaint. Na gnéithe den Aontas Baincéireachta a cuireadh i bhfeidhm cheana féin, rannchuidigh siad go mór le hathléimneacht na hearnála baincéireachta a áirithiú. Léiríodh é sin go maith in earrach 2023 nuair a theip ar roinnt banc réigiúnach de chuid na Stát Aontaithe, agus nuair a d'fhéadfadh Credit Suisse teip freisin, agus d'éirigh go maith le bainc an Aontais teacht slán ó na suaití eacnamaíocha gaolmhara agus ón riosca tógálachta airgeadais.

Go dtí seo, agus an tAontas Baincéireachta á fhorbairt, díríodh den chuid is mó ar leabhair rialacha agus ar an ailtireacht institiúideach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is mian liom saoránaigh agus gnólachtaí a thabhairt níos gaire dá chroílár. Ba mhaith liom mo ghníomhaíocht a dhíriú ar an méid is féidir leis an Aontas Baincéireachta a bhaint amach dóibh: mar shampla, is gá cosaint taiscí a bheith láidir ionas gur féidir le gnólachtaí agus fiontraithe a dtionscadail a fhorbairt agus ár ngeilleagar a fhás. Ina theannta sin, de thoradh an Aontais Baincéireachta, ba cheart do na bainc seirbhísí airgeadais níos fearr agus níos saoire a chur ar fáil, agus é sin á spreagadh ag an iomaíocht trasteorann éifeachtach. Ba cheart an úsáid is táirgiúla a bhaint as coigiltí san Aontas agus ba cheart do na bainc tacú le hinfheistíocht ó chorparáidí: is gá iad sin a bheith ina gcuspóirí deiridh don Aontas Baincéireachta agus don Aontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach níos leithne. Sa chomhthéacs sin, is féidir le comhdhlúthú breise é a chur ar a gcumas do na bainc samhlacha gnó níos éifeachtúla a fhorbairt, a bheith níos nuálaí, tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa teicneolaíocht faisnéise, fás sa mhargadh aonair, dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta, agus a bheith níos athléimní in aghaidh suaití trí éagsúlú a dhéanamh. Tá baint agam freisin le héagsúlacht na samhlacha gnó baincéireachta.

Chun an tAontas Baincéireachta a fhorbairt a thuilleadh, má dheimhnítear m'ainmniúchán, leagfaidh mé amach na tosaíochtaí seo a leanas:

Ar an gcéad dul síos, oibreoidh mé chun ár gcreat stuamachta éifeachtach a chaomhnú. Is léir ón taithí ghairmiúil uile a fuair mé roimhe seo a thábhachtaí atá sé creat stuamachta fónta láidir a bheith ann. Is é an túsphointe atá agam cur chun feidhme an Phacáiste Baincéireachta, lenar tugadh isteach na heilimintí críochnaitheacha de chaighdeáin Basel III i ndlí an Aontais. Is é líne bheartais an Aontais na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur i bhfeidhm maidir leis na 4 500 banc uile san Aontas, agus ní hamháin maidir leis na bainc mhóra atá gníomhach go hidirnáisiúnta, mar is amhlaidh i ndlínsí eile. Tá neart ama á thabhairt againn do na bainc iad féin a oiriúnú do na rialacha nua. Mar sin, is mian liom a bheith an-soiléir faoi seo: ní mór dúinn na rialacha a chur chun feidhme, seachas iad a rolladh siar. Ach ní mór dúinn aird a thabhairt freisin ar an iomaíochas idirnáisiúnta, agus ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag moilleanna agus ag éagsúlachtaí ó na caighdeáin a bheith á gcur chun feidhme ag dlínsí tábhachtacha eile. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, molfaidh mé dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta athchóirithe Basel a comhaontaíodh a chur chun feidhme a luaithe is féidir chun cothroime iomaíochta a áirithiú. Agus tar éis 15 bliana d'athchóirithe móra baincéireachta, sílim gur cheart dúinn sos a ghlacadh agus am a thabhairt chun ligean don chreat socrú isteach, cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá fós le coigeartuithe spriocdhírithe ar an gcreat amach anseo.

Ar an dara dul síos, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun comhréiteach a chruthú maidir leis an gcreat Bainistíochta Géarchéime agus Árachais Taiscí, lena ndéanfaí dul chun cinn ceart i mbainistiú teipeanna bainc agus lena n-áiritheofaí cobhsaíocht airgeadais. Le creat Bainistíochta Géarchéime agus Árachais Taiscí níos láidre, ba cheart na huirlisí iomchuí a thabhairt do na húdaráis chun déileáil le bainc anásta d'aon mhéid agus d'aon samhail ghnó, agus ar an gcaoi sin luach a chaomhnú seachas é a scriosadh. Dar liom gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcreat Bainistíochta Géarchéime agus Árachais Taiscí a luaithe is féidir, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, geallaim go ndéanfaidh mé gach iarracht chun teacht ar

chomhréitigh idir seasaimh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ar comhréitigh iad as a dtiocfaidh feabhsuithe ar an gcreat atá ann faoi láthair agus a threiseoidh an chobhsaíocht airgeadais.

Ar an tríú dul síos, oibreoidh mé chun bealach chun cinn maidir leis an Scéim Eorpach Árachais Taiscí a shainaithint chun a áirithiú go dtabharfar an chosaint chéanna do gach taisceoir cibé áit a bhfuil siad laistigh den Aontas Baincéireachta agus lena dtabharfar aghaidh ar an mbaol go bhféadfadh teipeanna bainc áitiúla a bheith ina gcúis le tógálacht agus le hiarmhairtí do bhainc eile agus do thíortha eile. Ba mhaith liom oibriú i dtreo réiteach ar féidir le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle araon tacú leis, agus is féidir leis an bParlaimint a bheith ina cuidiú mór maidir leis sin. Ghlac coiste ECON tuarascáil spéisiúil ag deireadh an téarma reachtaigh dheireanaigh ina sainaithnítear gnéithe de thúsphointe le haghaidh comhréitigh. Ós rud é go bhfuil an plé maidir leis an Scéim Eorpach Árachais Taiscí ina stad le beagnach 10 mbliana anuas, ba cheart dúinn a bheith oscailte do roghanna éagsúla chun teacht ar chomhdhearcadh. Tá toilteanas ó gach taobh anseo ríthábhachtach, agus má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, táim réidh chun comhaontú a éascú.

Ar an gceathrú dul síos, déanfaidh mé iniúchadh ar bhealaí chun breathnú ar ghnéithe ábhartha eile a sainaithníodh le blianta beaga anuas. Ní mór dúinn machnamh a dhéanamh ar conas a áirithiú go dtairbheoidh fochuideachtaí bainc áitiúla de thacaíocht a máthairghnóthais atá lonnaithe i mBallstát eile le linn géarchéime. Agus ní mór dúinn féachaint ar bhacainní ar sholáthar trasteorann seirbhísí baincéireachta sa mhargadh aonair. Ní saincheisteanna éasca iad seo. Ach tá siad tábhachtach chun a áirithiú go rachaidh an tAontas Baincéireachta chun tairbhe do shaoránaigh agus do chuideachtaí san Aontas i gceart agus go rannchuideoidh sé go héifeachtach lenár nAontas Coigiltis agus Infheistíochta a bhaint amach.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh mé ag brath ar thacaíocht Pharlaimint na hEorpa san iarracht sin. Ina Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir leis an Aontas Baincéireachta, thug an Pharlaimint tuairisc ar an Aontas Baincéireachta mar chomhlánú fíor-riachtanach ar an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus ar an margadh aonair. Cuireadh i dtábhacht inti an acmhainneacht atá ann le haghaidh Aontas Baincéireachta comhtháite chun feabhas a chur ar an iomaíocht agus ar rogha tomhaltóirí sa bhaincéireacht mhiondíola, lena n-áirítear trí dheiseanna feabhsaithe le haghaidh seirbhísí baincéireachta trasteorann. Anuas air sin, cuireadh i dtábhacht na tairbhí a bhaineann le hearnáil baincéireachta éagsúlaithe iomaíoch san Aontas. Aontaím go hiomlán leis na tuairimí sin.

Níor cheart don Aontas tuilleadh moille a dhéanamh ós rud é go bhfuil an bhearna iomaíochais le dlínsí eile, amhail na Stáit Aontaithe, ag méadú léi i gcónaí. Is mithid dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcreat Bainistíochta Géarchéime agus Árachais Taiscí, maidir leis an Scéim Eorpach Árachais Taiscí, agus maidir leis na comhaid uile eile a bhfuil gá leo chun an tAontas Baincéireachta a fhorbairt a thuilleadh.

*6. D’fhéadfadh fadhbanna a bheith ag baint le scáthstruchtúir chistiúcháin nach gcuimsítear faoi raon na gcreataí rialála faoi láthair, go háirithe maidir le gnéithe macrastuamachta. Cad é do thuairim maidir leis an nasc idir institiúidí airgeadais neamhbhainc agus an córas baincéireachta traidisiúnta agus tionscnaimh a d’fhéadfadh a bheith ann, i ndáil leis sin?*

I dtaca le hinstitiúidí airgeadais neamhbhainc amhail cuideachtaí bainistíochta sócmhainní, cistí infheistíochta, gnólachtaí infheistíochta, cistí pinsin, cuideachtaí árachais, agus, ar bhonn níos lú, eintitis neamhrialáilte, amhail oifigí teaghlaigh, cistí infheistíochta Stáit, cuideachtaí airgeadais, agus cistí pinsin náisiúnta, is príomhfhoinse cistiúcháin iad le haghaidh cuideachtaí, banc agus rialtas, agus is soláthraithe seirbhísí airgeadais seanbhunaithe iad san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain. Tá siad ríthábhachtach le haghaidh fhreagairt an Aontais ar an dúshlán: 1) caipiteal príobháideach a mhealladh chun ár dtosaíochtaí beartais agus an t-aistriú digiteach, an t-aistriú glas agus an t-aistriú sóisialta agus fiontair nuálacha a mhaoiniú, mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascálacha saineolaithe ardleibhéil le déanaí agus 2) seirbhísí airgeadais a sholáthar do gheilleagar an Aontais agus don chuid eile den domhan.

I bhfóram ardleibhéil an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil, inar ghníomhaigh mé mar Chomhchathaoirleach ar an tsraith a bhí ag breathnú ar rannpháirtíocht mhiondíola, cuireadh in iúl in 2020 gur príomhsprioc de chuid Aontas na Margaí Caipitil é iomaíochas agus fás eacnamaíoch a chothú trí fhoinsí maoiniúcháin níos éagsúla don nuálaíocht a sholáthar, agus, dá bhrí sin, borradh a chur faoin táirgiúlacht. Is foinse éagsúlachta airgeadais iad na hinstitiúidí airgeadais neamhbhainc toisc go gcistíonn siad iad féin den chuid is mó agus go n-infheistíonn siad trí bhíthin margaí caipitil, agus is príomhfhoinse infheistíochta agus cistiúcháin iad freisin le haghaidh banc agus earnálacha príobháideacha agus poiblí eile.

Le blianta beaga anuas, d'fhás na hearnálacha neamhbhainc níos mó ná an earnáil baincéireachta i dtéarmaí sócmhainní airgeadais iomlána. Is maith is eol dom, mar thoradh ar theagmhais struis le blianta beaga anuas, amhail an ghéarchéim leachtachta le linn phaindéim COVID-19, scannal airgeadais Archegos nó géarchéim na gcistí infheistíochta arna spreagadh ag dliteanais, go bhfuil imní faoi chobhsaíocht airgeadais institiúidí airgeadais neamhbhainc tagtha chun cinn i bpléití beartais idirnáisiúnta, le tionscnaimh i roinnt dlínsí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta neamh-AE agus AE. Na leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, baineann siad leis an ullmhacht le haghaidh turraingí leachtachta, le tiomargadh na giarála iomarcaí, trí bhíthin iasachtaíocht airgeadais agus díorthaigh go háirithe, agus le héifeachtaí anaithnide na nasc atá ag méadú idir na heintitis sin agus an córas baincéireachta traidisiúnta.

I dtaca le hathléimneacht na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc, creidim gur réamhchoinníoll í le haghaidh a rannchuidithe éifeachtaigh le rath an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, ar príomhthosaíocht de chuid an Choimisiúin é i gcomhréir leis na treoirlínte Polaitiúla. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dom gur aithin Parlaimint na hEorpa freisin, ina tuarascáil 2023 maidir leis an Aontas Baincéireachta, gur gá athléimneacht na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc a fheabhsú. Thairis sin, cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil a thábhachtaí atá sé uirlisí rialála agus maoirseachta a fhorbairt chun cosc a chur ar ghéarchéim leachtachta agus ar na rioscaí a bhaineann leis an idircheangailteacht idir bainc agus institiúidí airgeadais neamhbhainc. I dtaca le hinstitiúidí airgeadais neamhbhainc a rialaítear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tá siad faoi réir córais rialála láidre, go háirithe an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, an Treoir maidir le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe, an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha, an Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach agus Sócmhainneacht II, ar leasaíodh iad uile le déanaí. Oibríonn na heintitis sin laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais, a dhéanann faireachán freisin ar rioscaí cobhsaíochta airgeadais trí na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, tríd an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach, agus trí údaráis inniúla náisiúnta. Dá bhrí sin, is fiú a thabhairt faoi deara gur sheol seirbhísí an Choimisiúin comhairliúchán spriocdhírithe le déanaí, ar comhairliúchán é, agus forbairt á déanamh ar an méid sin a baineadh amach, ina mbailítear fianaise maidir le leordhóthanacht na mbeartas macrastuamachta atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sistéamacha a eascraíonn as gníomhaíochtaí na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc. Tá coinne agam freisin go dtabharfaidh sé léargas ar na réimsí nach ndearna gníomhaíocht reachtach roimhe seo difear dóibh den chuid is mó, lena n-áirítear institiúidí airgeadais neamhbhainc atá lasmuigh d'imlíne rialála an Aontais faoi láthair, rud a thabharfaidh soiléireacht bhreise maidir le cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta. Le torthaí an chomhairliúcháin, cuideofar freisin le measúnú a dhéanamh ar na roghanna chun maoirseacht fheabhsaithe a dhéanamh ar rioscaí leachtachta i gcistí margaidh airgid.

Topaic thábhachtach eile is fiú a chur san áireamh is ea na naisc airgeadais idir bainc agus institiúidí airgeadais neamhbhainc, dá ngairtear 'idircheangailteacht', agus is díol sásaimh dom gur tarraingíodh aird pholaitiúil ar an tsaincheist i dtuarascáil 2023 ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Aontas Baincéireachta. Creidim go bhfuil sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar na neamhchosaintí sin – agus tá an méid sin á dhéanamh ag an mBanc Ceannais Eorpach-an Sásra Aonair Maoirseachta cheana féin – agus tógáil rioscaí iomarcacha a dhíspreagadh, go háirithe nuair a dhéantar é sin in éineacht le bainistíocht riosca neamhleor. A bhuí leis an tacaíocht ón bParlaimint, threisigh an tAontas le déanaí, trí bhíthin Phacáiste Baincéireachta 2024 (Rialachán 3 maidir le Ceanglais Chaipitil), na ceanglais faoin gcreat neamhchosaintí móra nach mór do na bainc a chomhlíonadh i ndáil lena neamhchosaintí ar roinnt institiúidí airgeadais neamhbhainc. Chuige sin, ceanglaítear leis an bPacáiste Baincéireachta nochtadh maidir le neamhchosaint chomhiomlán na mbanc ar earnáil na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc, agus aird á díriú den chuid is mó ar neamhchosaint ar eintitis neamhbhainc lasmuigh de chreat rialála an Aontais agus ar eintitis rialáilte shonracha, amhail cistí margaidh airgid nó cistí infheistíochta malartacha an-ghiaráilte. Ina theannta sin, tugtar sainorduithe ann don Údarás Baincéireachta Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte atá ann cheana maidir le hinstitiúidí airgeadais neamhbhainc agus tuarascáil a chur isteach maidir lena rannchuidiú le hAontas na Margaí Caipitil agus maidir le neamhchosaintí na mbanc ar na heintitis sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé scrúdú breise ar conas athléimneacht na n-institiúidí airgeadais neamhbhainc a áirithiú, agus aird á tabhairt ní hamháin ar na rioscaí a bhaineann leo, ach freisin ar a rannchuidiú leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus, ar an gcaoi sin, le hiomaíochas ár ngeilleagair. Thairis sin, leanfaidh mé de bheith i dteagmháil le páirtithe leasmhara Eorpacha agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe tríd an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais, chun faireachán a dhéanamh ar na forbairtí is déanaí, chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus leochaileachtaí atá ag teacht chun cinn, chun gealltanais G20 agus G7 maidir le hathchóirithe ar institiúidí airgeadais neamhbhainc a chomhlíonadh agus chun freagairt chomhordaithe dhea-cheaptha ar leochaileachtaí institiúidí airgeadais neamhbhainc a áirithiú, i gcás inar féidir, agus chun arbatráiste rialála a sheachaint i gcóras airgeadais comhtháite domhanda an lae inniu.

**Maoiniú inbhuanaithe**

*7. Cad iad na bearta breise is gá chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith ina cheannaire domhanda i réimse an airgeadais inbhuanaithe, go gcuirfear caipiteal ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh san aistriú digiteach agus glas, agus go neartófar an creat airgeadais inbhuanaithe? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat oibriú i dtreo bonnlíne idirnáisiúnta don airgeadas inbhuanaithe chun idir-inoibritheacht agus éifeachtacht na gcaighdeán airgeadais inbhuanaithe a mhéadú ar fud na ndlínsí? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat an inúsáidteacht a shimpliú agus a fheabhsú, lena n-áirítear an t-ualach riaracháin agus tuairiscithe a laghdú, agus an creat airgeadais inbhuanaithe a chuíchóiriú agus na torthaí uaillmhianacha is gá á mbaint amach? An measann tú go gcuidíonn an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe atá ann faoi láthair le hinfheisteoirí miondíola measúnú a dhéanamh ar rioscaí inbhuanaitheachta agus cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh agus an gcreideann tú gur cheart do tháirgí infheistíochta a mhargaítear mar tháirgí inbhuanaithe cloí leis na híoschritéir inbhuanaitheachta?*

Mar a leagtar amach sa litir mhisin a chuir an tUachtarán von der Leyen chugam, ní mór dúinn maoiniú inbhuanaithe a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe maoiniú le haghaidh an aistrithe agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith ina cheannaire domhanda sa réimse sin.

Tá creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais i bhfeidhm anois den chuid is mó. I bhfianaise a phráinní atá sé gníomhú, forbraíodh an tsraith straitéisí laistigh de thréimhse réasúnta gearr, ó bhí 2018 ann. Is údar misnigh iad na comharthaí luatha den chuid is mó. Feicimid go bhfuil infheistíochtaí glasa ag fás go seasta. Is léir freisin go mbaineann costais nua leis an gcreat nua sin agus lena cheanglais tuairiscithe sa ghearrthéarma, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh toradh láithreach ar na hinfheistíochtaí i gcónaí. Mar sin féin, tá costais na neamhghníomhaíochta maidir leis an dúshlán aeráide ag éirí níos soiléire.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé forbairt ar an gcreat atá i bhfeidhm agus oibreoidh mé chun na ceanglais a chuíchóiriú chun ualaí nach bhfuil gá leo a laghdú, gan aon ghéilleadh maidir lenár gcuspóirí coiteanna i dtaca leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Ag an bpointe seo, tuigim nach dteastaíonn ceanglais ná rialacháin mhóra nua uainn, ach is dócha go gcaithfimid na cinn atá ann cheana a choigeartú agus ceanglais agus rialacháin a mhionchoigeartú chun iad a dhéanamh oiriúnach dá bhfeidhm. Ba cheart athbhreithnithe spriocdhírithe a dhéanamh freisin chun cur i bhfeidhm an chreata a shimpliú agus a éascú. Agus tá sé ríthábhachtach leanúint de ghabháil le páirtithe leasmhara ina n-iarrachtaí cur chun feidhme. Is gá an tsraith straitéisí a dhéanamh níos simplí agus níos comhréirí fós le haghaidh gníomhaithe margaidh beaga, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le héifeachtaí indíreacha na n-oibleagáidí atá ar ghníomhaithe móra; agus chun méadú an mhaoinithe um aistriú a éascú ar bhealach níos fearr le haghaidh na n-eintiteas uile, gan beann ar a dtúsphointí agus é á chur san áireamh gur fearr céimeanna móra i dtreo cuspóirí inbhuanaitheachta, fiú más céimeanna incriminteacha iad, ná céim ar bith. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun feabhas a chur ar inúsáidteacht fhoriomlán an chreata, ualaí riaracháin ar chuideachtaí a laghdú, agus an creat a chuíchóiriú chun é a dhéanamh níos inúsáidte do raon níos leithne gníomhaithe, lena n-áirítear FBManna, gan an bonn a bhaint de na príomhchuspóirí agus gan snas glas a spreagadh. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Aistriú Glan, Cóir agus Iomaíoch, leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht agus leis an gCoimisinéir um Chur Chun Feidhme agus Simpliú, leis an gCoimisinéir um an gComhshaol, um Athléimneacht i réimse an Uisce agus um Gheilleagar Ciorclach Iomaíoch, agus leis an gCoimisinéir um an Aeráid, Glan-Nialasacht agus Fás Glan.

Ní mór dúinn leanúint de threoraíocht maidir le cur chun feidhme a chur ar fáil, go háirithe maidir leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta, maidir leis an Tacsanomaíocht, agus maidir leis an gCaighdeán Bannaí Glasa Eorpacha. Ní mór dúinn a áirithiú go bhfuil nochtaí agus ceanglais pleanála aistrithe le haghaidh cuideachtaí comhleanúnach ar fud an chreata ar fad. Ba cheart réitigh shonracha a fhorbairt freisin chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais fiontar beag agus meánmhéide, agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, b'fhéidir, lena n-áirítear forbairt caighdeán tuairiscithe simplí inrochtana. Ba cheart dúinn éisteacht leis an aiseolas maidir leis na dúshláin a tuairiscíodh sna chéad bhlianta den chur chun feidhme agus na coigeartuithe is gá a dhéanamh ar an gcreat iomlán de réir cur chuige comhleanúnach iomlánaíoch. Sheolamar comhairliúchán poiblí i dtaca leis an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe cheana féin, agus déanfaimid measúnú ar an gcur chuige ceart ar bhonn an aiseolais sin. Ina theannta sin, ba cheart dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar Ghníomhartha Tarmligthe an Aontais maidir le Tacsanomaíocht chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha breise a chumhdach, rud a fhágfaidh gur fusa a bheidh sé critéir atá ann cheana amhail 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm, agus chun a áirithiú go bhfanfaidh gníomhaíochtaí idirthréimhseacha ar chonair aistrithe inchreidte a bheidh comhsheasmhach le geilleagar aeráidneodrach agus go mbeidh nochtaí

tacsanomaíochta costéifeachtach. Ar deireadh, ba cheart dúinn sreafaí sonraí agus meaisín-inléiteacht a éascú a thuilleadh, agus chun na críche sin ba cheart dúinn úsáid iomlán a bhaint as an bPointe Rochtana Aonair Eorpach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé den obair ar an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe chun dul i ngleic le snas glas ar bhealach níos éifeachtaí agus chun é a chur ar a gcumas d'infheisteoirí deiridh tuiscint a fháil níos éasca ar ghnéithe inbhuanaitheachta na dtáirgí airgeadais a bhfuil sé ar intinn acu iad a cheannach. Chuige sin, ar an gcéad dul síos, ba cheart dúinn breithniú a dhéanamh ar athruithe ar na nochtaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais le haghaidh táirgí airgeadais chun feabhas a chur ar inchomparáideacht agus ar iontaofacht. Ní mór d'infheisteoirí faisnéis láidir, fhóinteach agus shothuigthe a fháil, agus maímh nó próisis chasta a d'fhéadfadh a bheith míthreorach á seachaint. Maidir le nochtaí an Rialacháin maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe, is gá iad a bheith comhleanúnach freisin leis na nochtaí eile faoin gcreat airgeadais inbhuanaithe níos leithne. Rachadh sé sin chun tairbhe d'infheisteoirí miondíola agus do mhonaróirí táirgí araon. Ar an dara dul síos, ní mór dúinn measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé córas catagóirithe a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a bheith ann le haghaidh táirgí airgeadais. Is ann do rioscaí snasa ghlais agus cosanta infheisteoirí de dheasca na mí-úsáide atá á baint as an gcreat faoi láthair mar bhréagchóras lipéadaithe, agus ní chuirtear catagóiriú cruinn táirgí ar fáil. Le córas catagóirithe simplí, a bheadh ag brath ar chuspóirí soiléire agus ar chritéir láidre, d'fhéadfaí tuiscint infheisteoirí a éascú agus maímh mhíthreoracha chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a sheachaint. Bheadh na céimeanna sin uile ina gcuidiú le hinfheisteoirí nua a bhfuil spéis acu i dtáirgí glasa costéifeachtúla a mhealladh, agus coigilteas fadtéarmach a shlógadh i dtreo infheistíochtaí glasa, mar chuid d'Aontas Coigiltis agus Infheistíochta níos comhtháite agus níos doimhne.

Ach ní mór dúinn cuimhneamh freisin gur dúshlán domhanda iad an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé den obair i bhfóraim idirnáisiúnta agus le dlínsí comhpháirtíochta chun idir-inoibritheacht idir ár gcreataí a éascú. Le hidir-inoibritheacht bhreise, go háirithe maidir le tacsanomaíochtaí agus nochtaí inbhuanaitheachta –chuideofaí le margaí caipitil trasteorann a fhorbairt ina mbeidh cothroime iomaíochta le haghaidh chuideachtaí an Aontais. Bhí Tacsanomaíocht an Aontais ina spreagadh le haghaidh creataí den chineál céanna san Afraic Theas, sa Cholóim, i Singeapór agus i Meicsiceo, i measc tíortha eile. I réimse an mhaoinithe um aistriú, ba cheart dúinn leanúint de na prionsabail agus na huirlisí is gá a fhorbairt chun gníomhaíochtaí airgeadais a ailíniú le spriocanna aeráide agus inbhuanaitheachta, i gcomhréir le prionsabail agus rialacha an Aontais. Dá réir sin, beidh an méid sin ina chuidiú le cothroime iomaíochta agus iomaíochas oibreoirí an Aontais a chaomhnú agus an uaillmhian dhomhanda aeráide agus chomhshaoil á méadú san am céanna. I réimse na nochtaí, ba cheart dúinn leanúint de cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla. Bhí cur chuige an Aontais maidir le tuairisciú, lena n-áirítear ábharthacht dhúbailte, ina spreagadh le haghaidh dlínsí amhail an Eilvéis agus an tSín. Ina theannta sin, comhtháthaíonn roinnt mhaith tíortha (e.g. an tSeapáin agus an Ríocht Aontaithe) tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais i gcinntí infheistíochta. Ar deireadh, ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag cur leis an leibhéal an-ard idir-inoibritheachta a baineadh amach cheana féin idir caighdeáin tuairiscithe AE agus caighdeáin tuairiscithe dhomhanda chun an t-ualach a d'fhéadfadh a bheith ar chuideachtaí an Aontais a laghdú.

Ceist ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

*8. Sa litir mhisin a seoladh chugat, d'iarr Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ort a áirithiú go dtugann rialacha an Aontais leibhéal iomchuí cosanta do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí miondíola, rud a thugann cumhacht dóibh cinntí eolasacha a dhéanamh agus a rannpháirtíocht i margaí caipitil a mhéadú le téarmaí níos cothroime, go háirithe i bhfianaise úsáid IS san earnáil airgeadais. Cad iad na bearta nithiúla, lena n-áirítear bearta reachtacha, a dhéanfaidh tú chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach? Chun tacú leis sin, iarrtar ort oibriú ar straitéis litearthachta airgeadais. Cad é do phlean agus cén ghníomhaíocht atá beartaithe agat a dhéanamh chun an straitéis sin a fhorbairt?*

I dtaca le hinfheisteoirí miondíola, is gá iad a chumhachtú chun cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh, iad a chosaint go leordhóthanach, agus cothrom na Féinne a thabhairt dóibh agus iad ag infheistiú. Measaim gur réamhriachtanais fhíor-riachtanacha iad sin chun rannpháirtíocht mhiondíola i margaí caipitil a mhéadú. Ach na hinfheisteoirí miondíola muinín a bheith acu as na margaí chun torthaí cuibhiúla a sholáthar dóibh agus chun a dtosaíochtaí infheistíochta a chomhlíonadh, beidh na dreasachtaí acu chun tuilleadh infheistíochta a dhéanamh. Tríd an rannpháirtíocht mhiondíola a mhéadú, cuideofar freisin le geilleagar an Aontais. Is féidir cistí a dhíriú ar infheistíocht chun a áirithiú gur féidir linn ár gcuspóirí eacnamaíocha a bhaint amach, amhail an nuálaíocht, gnólachtaí nuathionscanta agus an t-aistriú digiteach, sóisialta agus glas a mhaoiniú.

Chun na cuspóirí a luaitear thuas a bhaint amach, beidh sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt do chomhaontú agus do chur chun feidhme tapa Straitéis Infheistíochta Miondíola an Choimisiúin, i gcomhréir leis na spriocanna thuas.

Mar sin féin, cibé toradh críochnaitheach a bheidh air, is léir nach dócha gur leor na bearta sa Straitéis Infheistíochta Miondíola chun athrú bunúsach a dhéanamh ar dhearcthaí infheisteoirí miondíola i leith na hinfheistíochta. Ní mór dúinn níos mó a dhéanamh.

Ag breathnú chun cinn agus ag forbairt ar chomhairliúcháin agus ar an taithí a fuair mé mar Chomhchathaoirleach ar an nGrúpa Saineolaithe Ardleibhéil maidir le sraith na rannpháirtíochta miondíola in Aontas na Margaí Caipitil, tá sé de rún agam, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, an fócas a leathnú, iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun fíormhargadh aonair a fhorbairt le haghaidh táirgí infheistíochta agus coigiltis simplí ísealchostais, chun rogha níos mó, praghsanna níos ísle agus rochtain níos fearr ar na táirgí sin a áirithiú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé measúnú cúramach ar cé acu atá nó nach bhfuil margadh aonair éifeachtúil feidhmiúil ann le haghaidh na dtáirgí sin, agus ar conas agus cá mhéid a d'fhéadfadh bealaí éagsúla infheistíochta infheisteoirí nua a mhealladh, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha atá inrochtana go héasca agus cé acu atá nó nach bhfuil na dálaí cearta i bhfeidhm le haghaidh chuideachtaí an Aontais chun scála a fhorbairt agus táirgí trasteorann costéifeachtúla trédhearcacha a bhfuil toradh maith orthu a thairiscint, rud a áirithíonn freisin go gcuirtear infheisteoirí miondíola ar an eolas go leormhaith. Tá samplaí feicthe againn i roinnt Ballstát ar éirigh leo cuntais infheistíochta agus choigiltis a chur ar bun, ar cuntais iad lena gcuirtear dreasachtaí cánach ar fáil agus lena spreagtar infheistíocht mhiondíola. Ba mhaith liom breathnú níos géire ar an gcaoi ar oibrigh na scéimeanna sin agus ar an gcaoi a raibh rath orthu. Bheadh gá le comhiarracht ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun aon iarracht a dhéanamh sa treo sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le comhaltaí eile den Choláiste, go háirithe an Coimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, agus leis na páirtithe leasmhara uile, chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Is féidir leis an Intleacht Shaorga cuidiú le tomhaltóirí agus le hinfheisteoirí miondíola cinntí níos eolasaí a dhéanamh trí shonraí a phróiseáil go tapa agus trí léargais phearsantaithe a sholáthar ar bhealach níos inrochtana agus táirgí agus seirbhísí a oiriúnú níos fearr do riachtanais na dtomhaltóirí aonair. Leis sin, is féidir an rochtain ar mhargaí caipitil a mhéadú. Ar ndóigh, gabhann rioscaí le deiseanna, agus sin é an fáth a mbeidh cur chun feidhme tráthúil an Ghnímh um an Intleacht Shaorga tábhachtach chun iontaoibh a áirithiú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas chun a áirithiú go ndéanfar cur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a chomhtháthú go rianúil agus go héifeachtach sa mhaoirseacht airgeadais atá ann cheana.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, leanfaidh mé den obair thábhachtach ar litearthacht airgeadais freisin, ar obair í a rinneadh le linn thréimhse an tsainordaithe dheireanaigh. Mar a iarradh sa litir mhisin, molfaidh mé straitéis thiomnaithe. Is scil thábhachtach saoil í an litearthacht airgeadais, agus ba cheart í a fhorbairt go luath sa saol mar is féidir léi daoine a chur i riocht i bhfad níos láidre chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoina n-airgeadas, agus pleanáil don todhchaí. I bhfianaise mhéadú na calaoise ar líne, ní mór do thomhaltóirí seirbhísí airgeadais a bheith níos feasaí agus níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar chibear-chamscéimeanna. Ar an drochuair, tá leibhéil na litearthachta airgeadais agus na litearthachta digití san Aontas fós ró-íseal: léirítear sna torthaí ón suirbhé Eorabharaiméadair i mí Iúil 2023 nach bhfuil ardleibhéal litearthachta airgeadais ach ag 18 % de shaoránaigh an Aontais. Tá difríochtaí móra idir na Ballstáit agus idir grúpaí éagsúla laistigh de na Ballstáit maidir le leibhéil na litearthachta airgeadais, agus déanann siad difear go háirithe do mhná, do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta a bhfuil leibhéil litearthachta níos ísle acu. Bíonn tionchar ag litearthacht airgeadais íseal ar fholláine phearsanta agus airgeadais an duine aonair, ar theaghlaigh agus ar an tsochaí ar bhealach níos leithne.

Na scrogaill atá fós ann a chuireann cosc ar éifeachtacht iomlán na dea-oibre a rinneadh go dtí seo, beidh orm iad sin a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu mar aon le comhairle a lorg agus machnamh a dhéanamh maidir leis an mbealach iomchuí chun cinn. Is cinnte, le haon straitéis, go mbreathnófar ar bhealaí chun tacú le malartuithe dea-chleachtas i measc na mBallstát agus iad a mhéadú agus chun treoraíocht bhreise a chur ar fáil chun na creataí inniúlachta airgeadais atá ann cheana a chur chun feidhme. Is maith is eol dom inniúlacht an Choimisiúin sa réimse sin agus déanfaidh mé roghanna beartais a mheas go cúramach i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ar fud earnálacha éagsúla agus i gcomhar le comhaltaí eile den Choláiste chun bearta iomchuí a áirithiú. Táim ag brath ar thacaíocht Pharlaimint na hEorpa i ndáil leis sin, ós rud é gur léir gur réimse í an litearthacht airgeadais inar gá dúinn uile oibriú le chéile ar bhealach comhsheasmhach a mbeidh tionchar aige.

Ar deireadh, cé gur comhlánú tábhachtach ar na rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí iad na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an litearthacht airgeadais, ba mhaith liom a chur i dtábhacht go láidir nach féidir leo, ar ndóigh, a bheith ina n-ionadaí le haghaidh creat láidir reachtach maidir le cosaint tomhaltóirí.

Ceist ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

*9. Is é an misean a bheidh agat leanúint de bheith ag obair ar an airgeadas digiteach, agus ar chur chun feidhme an phacáiste nua maidir le frithsciúradh airgid.*
*Cad iad na céimeanna atá beartaithe agat a ghlacadh chun measúnú a dhéanamh ar úsáid córas intleachta saorga san earnáil airgeadais, lena n-áirítear measúnú i dtaobh an gcomhlíonann siad na ceanglais shonracha maidir le córais intleachta saorga ardriosca dá bhforáiltear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga (amhail córais bainistithe riosca nó measúnuithe tionchair ar chearta bunúsacha)? Cad iad na céimeanna tosaíochta atá beartaithe agat a ghlacadh chun leabhar rialacha aonair nua AML a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe maidir leis an earnáil airgeadais, ach maidir leis an earnáil neamhairgeadais freisin, chomh maith le cumhachtaí, inniúlachtaí agus uirlisí nua a chuirtear ar fáil do na haonaid um Fhaisnéis Airgeadais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath agus a chomhrac?*

Sa litir mhisin a cuireadh chugam, d'iarr an tUachtarán von der Leyen orm leanúint den obair ar an airgeadas digiteach agus go háirithe measúnú a dhéanamh ar úsáid na hintleachta saorga san airgeadas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé le comhaltaí eile den Choláiste, agus le tacaíocht ó AS FISMA, ó na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha agus ó Oifig Intleachta Saorga nuabhunaithe an Choimisiúin Eorpaigh, chun ár spriocanna coiteanna a bhaint amach. Ina theannta sin, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, ar ndóigh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé forbairt ar an obair a rinneadh cheana, go háirithe comhairliúcháin a rinneadh le déanaí agus for-rochtain spriocdhírithe a díríodh ar léargais a bhailiú ó pháirtithe leasmhara maidir leis na forbairtí sa mhargadh atá ann faoi láthair chomh maith leis na rioscaí agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann lena gcuirfí bac ar ghlacadh na hintleachta saorga san earnáil airgeadais. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar freisin leis an bpobal maoirseachta agus leis an Oifig Intleachta Saorga chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais shonracha maidir le córais intleachta saorga ardriosca a leagtar amach sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Ar deireadh, toisc go mbaineann deiseanna agus rioscaí leis an intleacht shaorga ar an leibhéal domhanda, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, amhail an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais, Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht agus an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta chun réitigh a bheidh comhordaithe ar bhonn domhanda a fhorbairt, agus luachanna Eorpacha á n-urramú.

Creidim go bhfuil sé ríthábhachtach oibriú leis na páirtithe leasmhara uile – tomhaltóirí, úsáideoirí, soláthraithe, forbróirí nó maoirseoirí, agus go háirithe Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle – chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha nua faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga chun feidhme go pras. Sainaithnítear sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga measúnú creidmheasa agus measúnuithe riosca tomhaltóirí agus praghsáil san árachas sláinte agus saoil mar fheidhmchláir ardriosca, agus ní mór dúinn aird ar leith a thabhairt ar úsáid na hintleachta saorga sna hearnálacha sin, lena áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin a leagtar síos sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas chun measúnú a dhéanamh ar úsáid na hintleachta saorga san earnáil airgeadais. Má thagann ceisteanna chun cinn i ndáil le reachtaíocht earnáil airgeadais an Aontais i dtaca leis an gcaoi a bhfuil feidhm aici maidir leis an intleacht shaorga, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an bpobal maoirseachta freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ba mhaith liom cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht na hintleachta saorga san airgeadas atá ag athrú, agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le cur chuige beartais caolchúiseach lena gcothromaítear an nuálaíocht, lena dtapaítear na deiseanna agus na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi le bainistíocht láidir riosca, bíodh sé sin ó thaobh na cobhsaíochta airgeadais nó na gceart bunúsach de. Trí dhul i dteagmháil leis na comhreachtóirí, leis na páirtithe leasmhara agus trí idirphlé a chothú, ba mhaith liom éiceachóras tacúil a chruthú ina gcuirfear é ar a gcumas don earnáil airgeadais agus do phobal na maoirseachta airgeadais araon leas a bhaint as acmhainneacht na hintleachta saorga agus na rioscaí a bhaineann léi á maolú san am céanna.

Maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac, tá an acmhainneacht sa phacáiste athchóirithe a comhaontaíodh faoin sainordú roimhe seo chun fíorathrú a dhéanamh sa chomhrac in aghaidh na coireachta airgeadais. Ach bíonn fiúntas na ndlíthe ag brath ar a gcur chun feidhme ar an láthair. Tacaím go hiomlán leis an sprioc a leagtar amach sna treoirlínte polaitiúla don Choimisiún seo díriú ar rialacha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr. Creidim gur cheart dúinn díriú go príomha air sin i réimse an sciúrtha airgid a chomhrac má táimid chun an t-athchóiriú seo a chur i gcrích agus chun go mbeidh rath air. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé ag teacht go dlúth leis an gCoimisinéir ainmnithe um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú maidir lenár spriocanna coiteanna an choireacht eagraithe a chomhrac.

Áiritheoidh mé freisin go mbeidh dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun an Treoir nua maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac a thrasuí i gceart, chomh maith le hidirphlé oscailte leis na hearnálacha chun céimniú isteach rianúil a chumasú i dtaca le ceanglais na Rialachán nua maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac.

Tá go dtí lár 2027 againn chun an bealach a réiteach le haghaidh chur i bhfeidhm an chreata nua. Dá bhrí sin, níl aon am le cur amú againn; bhí an t-athchóiriú ollmhór, agus tá gnéithe nua tábhachtacha ann nach mór dúinn a áirithiú go dtabharfar isteach iad ar bhealach comhleanúnach. Ní mór tús a chur leis an obair anois má táimid chun beart a dhéanamh de réir briathair.

Tá obair ar bhearta cur chun feidhme agus tarmligthe ar siúl cheana féin. Leagfar amach go mionsonraithe iontu conas a mheastar go gcomhlíonfaidh eintitis san earnáil airgeadais agus neamhairgeadais araon ceanglais thábhachtacha. Tá tosaíocht á tabhairt don obair ar na huirlisí agus na modheolaíochtaí coiteanna freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar na hearnálacha sin. Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go leanfaidh mo sheirbhísí de bheith ag cur leis an móiminteam sin, trí dhlúthchomhar leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus leis na húdaráis náisiúnta. Rachfar i gcomhairle leis an bpobal maidir leis na bearta teicniúla uile ionas gur féidir leis an tionscal léargas agus moltaí a sholáthar. Áiritheofar leis an bpróiseas sin go mbeidh na ceanglais rialála leordhóthanach, comhréireach agus oiriúnach dá bhfeidhm. Tá sé chomh tábhachtach céanna dom go mbunófar an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac i gceart.

I ndáil leis na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais, cuireadh tús leis an obair cheana féin chun comhchuibhiú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais faisnéis a fháil, a phróiseáil agus a mhalartú. Thairis sin, i ndlúthchomhar leis na hAonaid um Fhaisnéis Airgeadais, tá leagan nua den ardán um malartú slán faisnéise ‘FIU.net’ á fhorbairt ag an gCoimisiún faoi láthair. Cuireadh tús freisin leis an obair chun na cláir náisiúnta cuntas bainc a idirnascadh. Leis na sruthanna oibre sin uile, cuirfear feabhas mór ar chumas na nAonad um Fhaisnéis Airgeadais faisnéis a mhalartú agus a anailísiú go tapa agus cásanna a thuairisciú d’údaráis forfheidhmithe dlí.

Agus mé ag breathnú chun cinn, má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, ní bheidh aon drogall orm gníomhú go cinntitheach. Ní féidir leis an Eoraip na botúin chéanna a rinneadh roimhe seo a dhéanamh arís, is é sin nuair a cuireadh i mbaol ár gcumas comhchoiteann an choireacht airgeadais a chomhrac mar gheall ar bhearta déanacha nó bearta míchearta a glacadh nó a cuireadh chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, tá sé de rún agam na hionstraimí uile atá ar fáil dom maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú a úsáid, lena n-áirítear cosc agus imeachtaí um shárú, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an creat agus ár n-údaráis ár spriocanna arna gcomhaontú go coiteann.